

# Tuarascáil an Phríomhchigire & ‘Ag Féachaint ar ár Scoileanna’

1

**3 DEIREADH FÓMHAIR  
2018  
BOOÉ  
Clodagh Geraghty**

# Tuarascáil an Phríomhchigire & 'Ag Féachaint ar ár Scoileanna'

2

## AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA TUARASCÁIL AN PHRÍOMHCHIGIRE IÚIL 2013 – MEITHEAMH 2016

FOILSITHE FEABHRA 2018

### Chief Inspector's Report

January 2013–July 2016

Excellence in Learning for All



# Ag Machnamh ar Ról na Scoile BOO

3

- Agus muid ag machnamh ar Thuarascáil an Phríomhchigire, tá sé úsáideach a mheabhrú do bhoird an ról ar leith atá ag an mbord i Scoil ETB agus ar an gcaoi a bhfuil sé éagsúil ó shamhlacha eile.
  - Is é an BOO an comhlacht corporaithe a tharmligeann rialachas scoile don Bhord Bainistíochta, ar fo-choiste de chuid an BOO é.
  - Níl freagracht ar bhord bainistíochta scoile as fostaíocht ná as feidhmíocht na forrne (teagaisc ná neamhtheagaisc) i scoil.

# Tuarascáil an Phríomhchigire

4

- **CAIBIDIL 2: AN CHIGIREACHT**
- **Na Príomhtheachtaireachtaí**

- Tá na cigireachtaí dírithe ar na príomhfhachtóirí a imríonn tionchar ar eispéireas foghlama daltaí. Is iad seo, go príomha, **cáilíocht** an teagaisc agus na foghlama, agus **cáilíocht** na ceannaireachta agus na bainistíochta.
- Déantar machnamh sna cigireachtaí ar **chumas/inniúlacht** na scoile chun feabhsú agus athrú a **bhrú chun tosaigh**.

# Tuarascáil an Phríomhchigire – Caibidil 2

5

- Lorgóidh an Chigireacht go bhfuil na scileanna, an inniúlacht agus an mian ag an mBord feabhsú a ‘bhrú chun cinn’.

Figiúr 2.1 ó Thuarascáil an Phríomhchigire



# Tuarascáil an Phríomhchigire – Caibidil 2

6

Is ar chontanam cálíochta a dhéanann cigirí cur síos ar chálíocht an tsoláthair i scoileanna agus ba chóir do Bhoird a bheith cleachta leis an gcontanam.

**Table 2.2: The Quality Continuum**

<b>Categories used in this report</b>	<b>Quality Level</b>	<b>Example of descriptive terms</b>
<b>Very good</b>	Significant strengths	Excellent; of a very high quality; very effective; highly commendable; very good; very successful; few areas for improvement
<b>Good</b>	Strengths outweigh weaknesses	Good; good quality; valuable; effective practice; competent; useful; commendable; fully appropriate provision although some possibilities for improvement exist
<b>Less than satisfactory/ Not appropriate</b>	Weaknesses outweigh strengths	Fair in certain areas but with evident weaknesses that are impacting significantly on pupils' learning; less than satisfactory in some areas; experiencing difficulty
	Significant weaknesses	Weak; unsatisfactory; insufficient; ineffective; poor; requiring significant change, development or improvement; experiencing significant difficulties

# Caibidil 5 – Cáilíocht an Teagaisc agus na Foghlama in Iar-Bhunscoileanna

7

- **Na Príomhtheachtaireachtaí:** Déanann an Chigireacht machnamh ar an méid seo a leanas nuair atá cáilíocht na foghlama á measúnú i ngach cigireacht:
  - Torthaí foghlaimeoirí
  - Eispéiris foghlaimeoirí

# Caibidil 5 – Cáilíocht an Teagaisc agus na Foghlama in Iar-Bhunscoileanna

8

- Déantar achoimre sa tuarascáil ar thorthaí an-dearfach d'iar-bhunscoileanna. Ba é an mheastóireacht a rinneadh ar cháilíocht fhioríomlán an teagaisc in iar-bhunscoileanna ná go raibh sé sí go maith nó níos fearr in 88% go 94% de na ceachtanna.
- Tugtar mionsonraí sa tuarascáil ar phorbairtí fabhracha i dteagasc an Bhéarla agus na Matamaitice. Tá sé tugtha faoi deara, áfach, go bhfuil dúshláin fós ann i ndáil le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama Gaeilge. Cé go raibh feabhas áirithe ann, is ábhar imní fós é foghlaim na Gaeilge.
- Tá sé tugtha faoi deara chomh maith go bhfuil easpa éagsúlachta ann i gceachtanna sna trí chroí-ábhar, is é sin Béarla, Matamaitic agus Gaeilge.

# Caibidil 5 – Cáilíocht an Teagaisc agus na Foghlama in Iar-Bhunscoileanna

9

## Cáilíocht na Ceannaireachta agus na Bainistíochta in Iar-Bhunscoileanna

Sa tréimhse seo, mheas na cigirí go raibh an cháiilíocht fhoriomlán bainistíochta agus ceannaireachta go maith nó níos fearn i 91% de na cigireachtaí Meastóireachta ar an Scoil Uile–Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim a rinneadh. Rinneadh cur síos ar an gcuid is mó de bhoird bhainistíochta sa tuarascáil mar bhoird a bhfuil **fís shoiléir** acu don scoil agus **fócas dea-roghnaithe** ar **fhorbairt an teagaisc agus na foghlama**.

# Caibidil 5 – Cáilíocht an Teagaisc agus na Foghlama in Iar-Bhunscoileanna

10

Sna scoileanna atá níos éifeachtaí, thug cigirí faoi deara go raibh caidreamh ag boird bhainistíochta ar bhealach comhoibríoch agus cumarsáideach leis na príomh-gheallsealbhóirí sa scoil, an fhoireann, an coiste tuismitheoirí agus an chomhairle mac léinn san áireamh. Rinneadh cur síos ar an gcuid is mó de na boird seo mar bhoird a bhfuil **fócas dea-roghnaithe** acu ar fhorbairt an teagaisc agus na foghlama sa scoil, lena n-áirítear, i roinnt cásanna, deiseanna forbartha gairmiúla don fhoireann a mholadh go láidir agus tacú leo. **Bhí fíos shoiléir ag na boird bhainistíochta seo don scoil agus tosaíochtaí bunaithe acu le haghaidh na forbartha.**

# Caibidil 5 – Cáilíocht an Teagaisc agus na Foghlama in Iar-Bhunscoileanna

11

Fuair na cigirí go raibh scoileanna an-mhaith ag déanamh cumarsáide le tuismitheoirí faoi pholasaithe scoile agus ag coinneáil tuismitheoirí ar an eolas faoi dhul chun cinn na ndaltaí.

**Ní raibh scoileanna chomh rathúil céanna agus iad ag cur eolas in iúl maidir le roghanna ábhair agus curaclaim ag na príomhphointí aistrithe.**

# Caibidil 5 – Cáilíocht an Teagaisc agus na Foghlama in Iar-Bhunscoileanna

12

- Fuair na cigirí go raibh ardbhainistíocht éifeachtach sa chuid is mó de scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu. Léirítear i gceistneoirí na dtuismitheoirí go bhfuil iompar na ndaltaí an-mhaith sa chuid is mó de scoileanna agus go bhfuil córais mhaithe bainistithe daltaí faoi réir.
- Tá obair mhaith ar siúl ag scoileanna chun dul i ngleic leis an mbulaíocht, agus tá feabhas suntasach ann ó bhí an tuarascáil dheireanach ann, ó thaobh chéatadán na dtuismitheoirí agus daltaí atá muiníneach go ndéileálfaidh scoileanna leis an mbulaíocht go pras agus go héifeachtach. Tá sé suntasach gur léirigh 85% de dhaltaí go raibh an mhuinín acu go bhféadfadh siad cabhair a fháil ó mhúinteoir nó ó dhuine fásta dá mbeadh bualaíocht á déanamh orthu ar scoil.

# CAIBIDIL 6: TACÚ LE FEABHSUITHE

13

## Na Príomhtheachtaireachtaí:

- Féinmheastóireacht scoile – Athchóiriú an-suntasach i ndearbhú cáilíochta an chórais oideachais is ea gur tugadh an fhéinmheastóireacht scoile (FMS) isteach agus tá sé á chur chun cinn go gníomhach ag an Roinn agus ag an gCigireacht.
- Tá scoileanna tosaithe ar dhul i mbun an FMS agus tá siad ag éirí níos eolaí ar an bpróiseas sé chéim FMS.

# An Próiseas Sé Chéim

14



## CAIBIDIL 6: TACÚ LE FEABHSUITHE

15

- Bhain na dúshláin leis an méid seo;
  - **Sonraí,**
  - **Spriocanna a shocrú agus**
  - **Tuairisciú do Thuismitheoirí agus don Scoilphobal,** is rudaí iad seo a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu fós.

## CAIBIDIL 6: TACÚ LE FEABHSUITHE



- **Cigireachtaí leantacha** - Tá an Chigireacht ag cur i bhfeidhm nósanna imeachta córasacha leantacha le seiceáil go bhfuil moltaí na gcigireachtaí á gcur i bhfeidhm ag scoileanna. Folaíonn siad seo cigireachtaí leantacha do scoileanna chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag scoileanna i leith aghaidh a thabhairt ar na moltaí i dtuarascálacha cigireachta roimhe seo. Ar an iomlán, léirítear sna sonraí go nglacann scoileanna go dáiríre le moltaí i dtuarascálacha cigireachta. Léirítear sna sonraí ó Chigireachtaí Leantacha go ndéanann an chuid is mó (76%) de scoileanna dul chun cinn maith nó fíormhaith ó thaobh moltaí a dhéantar i dtuarascálacha cigireachta a chur i bhfeidhm.

# CAIBIDIL 7: AG FÉACHAINT CHUN TOSAIGH

17

- **Téamaí Don Am Romhainn:**

- Fócas láidir a choinneáil ar thorthaí feabhsaithe le haghaidh foghlaimeoirí.
- Tógáil ar chleachtas gairmiúil múinteoirí.
- Oibriú agus tacú le cailíocht ceannairí scoile.

# Caibidil 7 – Ceannairí Scoile

18

- Is ról lárnach é ról na gceannairí scoile i gceannas a ghlacadh ar an bhfoghlaim agus cultúr comhoibríoch a thógáil sa scoil. Príomhbhac roimh cheannairí scoile dul i mbun na ceannaireacht le haghaidh na foghlama is ea cumas lucht bainistíochta i scoileanna na hÉireann ar bhoird bainistíochta na scoileanna seo.
- Leagtar amach den chéad uair in *Ag Féachaint ar Ár Scoileanna, Creat Cáilíochta le haghaidh Scoileanna*, a d'fhoilsigh an Chigireacht in 2016, sraith chuimsitheach caighdeán le haghaidh scoileanna na hÉireann chun na scoileanna a threorú ina bpróisis féinmheastóireachta. Cabhróidh sé seo le tacú le ceannaireacht an teagaisc agus na foghlama i scoileanna. Tá an Chigireacht ag baint úsáid chomh maith as na caighdeáin inár gcuid cigireachtaí. De bhun úsáid comhroinnte na gcaighdeán, beidh an fhéinmheastóireacht inmheánach i scoil agus an chigireacht sheachtrach ag an gCigireacht ag gníomhú mar **phróisis dearbhaithe cáilíochta chomhlántacha**.

## Caibidil 7 – Nótáí Tráchta Deiridh

19

- Tugtar chun aird sa tuarascáil, má táimid leis an sprioc a bhaint amach mar atá leagtha síos sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas, 2016–2019 chun bheith ar an gcóras oideachais is fearr san Eoraip taobh istigh de na chéad 10 mbliana eile, gur gá dúinn a chinntiú go mbeidh taithí ag ár bhfoghlaimeoirí ar theagasc agus ar fhoghlaim atá fíormhaith seachas maith, go n-éiríonn an soláthar sásúil níos fearr, agus go mbaintear amach **eispéiris foghlama agus caighdeáin den scoth**. Agus an Chigireacht ag breathnú amach anseo, tá sí ag beartú na caighdeáin don soláthar oideachais a leagadh amach in Ag Féachaint ar Ár Scoileanna, 2016 a leabú in obair cigireachta agus obair comhairliúcháin. Bainfear úsáid as *Ag Féachaint ar ár Scoileanna* chun tuiscint uile-chórais a chur in iúl ar céard is deachleachtas i scoileanna ann.

# Tuairiscí Meastóireachta ar an Scoil Uile – Scoileanna BOO



- I bhfianaise cuid de na léargais a thugtar i dTuarascáil an Phríomhchigire, tá sé úsáideach machnamh a dhéanamh ar chuid de na moltaí a rinne an chigireacht i ndáil le Scoileanna BOO;
- *Ba chóir don bhord bainistíochta ról níos láidre rialachais a ghlacadh i gceannas a ghlacadh agus forbairt a dhéanamh ar phlean scoile ina ndéantar sainaithint ar spriocanna agus ionchais shoiléire don scoil, in éineacht le haghaidh a thabhairt cheisteanna comhlíontacha amhail forbairt agus athbhreithniú polasaí, cruinneas an tseicliosta éigeantaigh féinmheastóireachta scoile (SSE), agus soláthar an ama íosta sheachtainiúil teagaisc do dhaltaí ar an amchlár.*

# Tuairisci Meastóireachta ar an Scoil Uile – Scoileanna BOO

21

- ‘Ba chóir don bhord bainistíochta maoirseacht a dhéanamh ar phlean scoile atá níos iomláine agus a threoróidh forbairt na scoile agus a pobail sna blianta amach roimpi’.
- Ní mór ‘ról maoirseachta’ a bheith ag an mbord trí ról níos réamhghníomhaí a ghlacadh mar ‘chara criticiúil’.
- Ba chóir don bhord a bheith rannpháirteach i maoirseacht ar an dul chun cinn.
- ‘Ba chóir don bhord cur lena cheannaireacht ar réimse níos leithne réimsí, lena n-áirítear maoirseacht ar spriocanna DEIS, anailís ar thorthaí daltaí agus forbairt bhreise ar thosaíochtaí na scoile.’
- ‘Ba chóir don bhord díriú ar a chuid tosaíochtaí sainaitheanta uile a bhrú chun cinn, go háirithe sa teagasc, foghlaim agus measúnú, agus féinmheastóireacht scoile (SSE).’

# Tuairiscí Meastóireachta ar an Scoil Uile – Scoileanna BOO



- ‘Cuireann an bord bainistíochta ceannaireacht éifeachtach ar fáil, ach tearcfhorbairt atá déanta ar a ról i ndáil le teagasc agus foghlaim.’
- ‘Buaileann an bord uair sa mhí agus tá ceangail den scoth aige le comhairle na dtuismitheoirí. Tuigeann comhaltaí an bhoird na róil agus na freagrachtaí agus cuirtear i bhfeidhm go héifeachtach iad. Tá rochtain faigte ag comhaltaí ar oiliúint dá róil. Tá na nósanna imeachta cinnteoireachta oscailte agus déantar cinntí chun leasa is fearr an scoilphobail. Tá polasaithe éigeantacha glactha ag an mbord de réir mar a theastaíonn.’

# Bliain Nua Acadúil

23

- **Agus Boird ag cur túis le bliain nua acadúil, ba chóir 2 dhoiciméad a bheith ar fáil acu:**
  1. An Fhéinmheastóireacht Scoile/Bainistíocht, Ceannaireacht, Foghlaim is déanaí leo le cinntiú go leantar ar aghaidh leis na moltaí.
  2. Ag Féachaint ar Ár Scoileanna le hiad féin a thomhas i gcoinne na Ráiteas Cleachtais.

# PUPILS COLLABORATION LEARNING FUTURE MANAGEMENT LEADERSHIP SKILLS



## LOOKING AT OUR SCHOOL 2016

A Quality Framework for Post-Primary Schools

# EDUCATION FOR LIFE FIELDWORK PROJECTS SKILLS AND ATTITUDES ASSESSMENT TECHNOLOGIES CURRICULUM TEAMWORK OPERATION LEARNING



24

**‘Ag Féachaint ar ár  
Scoileanna, 2016’**

**CREAT OIBRE CÁILÍOCHTA  
LE HAGHAIDH IAR-  
BHUNSCOILEANNA**